

SPRIOCANNA FORBARTHA NA MÍLAOISE (MDGANNA)

Is é atá i gceist le **Spríocanna Forbartha na Mílaoise (MDGanna)** de na Náisiúin Aontaithe ná sraithe d'ocht sprioc ar leith ar chomhaontaigh Éire orthu, in éineacht le 188 tír eile sa bhliain 2000 mar chreat chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus forbairt chóir agus inbhuanaithe a chur chun cinn.



Le haghaidh tuilleadh eolais ar na MDGanna tabhair cuairt ar www.ourworldirishaidawards.ie

Seans go mbeadh sé úsáideach dá gcrochfá an póstaer MDGanna, atá in éineacht leis an leabhrán seo, ar an mballa i do sheomra ranga.

I mbliana le clár Ghradam Chúnaimh Éireann, Ár nDomhan, tugaimid cuireadh do mhúinteoirí agus do dhaltaí fiosrú a dhéanamh faoin mbealach ina bhfuil na Spriocanna ag obair chun todhchaí níos fearr a chruthú do na leanaí ar fad ar fud an domhain. Cibé fócas a roghnaíonn do dhaltaí dá dtionscadal, tá súil againn go gcuirfidh siad na nithe seo a leanas san áireamh:

- Conas a dhéantar ár saol a cheangal le saol na leanaí sa domhan atá i mbéal forbartha, mar shampla, trí chúrsaí trádála, an timpeallacht a chomhroinnt, an inimirce, cúrsaí turasóireachta etc.
- Cad is féidir linn a dhéanamh le go mbeidh an domhan mar áit níos cothroime agus níos fearr do leanaí an domhain uile, trí, mar shampla, tacaíocht a thabhairt don trádáil chóir, an timpeallacht a chosaint, dul i mbun feachtas do chearta an duine etc.

Cúnaimh Éireann - Clár cúnaimh oifigiúil na hÉireann thar lear

AG TABHAIRT CÚRAIM DON DOMHAN SEO AGAINNE

GRADAIM CHÚNAMH ÉIREANN, ÁR nDOMHAN, 2015



CAD IS CÚNAMH ÉIREANN ANN?



Is é Cúnadh Éireann clár cúnamh oifigiúil na hÉireann thar lear do thíortha atá i mbéal forbartha. Déanann an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála bainistíocht air. Comhoibríonn Cúnadh Éireann le rialtais agus eagraíochtaí forbartha in os cionn 80 tír. In éineacht dátaí daonnúla sábhálann Cúnadh Éireann beatha daoine trí chistiú riachtanacha agus cúnadh rithabhachtach a chur ar fáil go tapa do na heagraíochtaí ar an talamh. Mar sin féin, dírinne an chuid is mó d'obair Chúnadh Éireann ar an bhforbairt fhadtearmach, go háirithe i naoi bpríomhthír comhpháirtíochta, áit a n-oiriúnna sé i gcomhar le rialtais agus gníomhaireachtaí eile chun dul i ngleic le príomhchúiseanna na bochtaineachta agus an neamhionannas agus chun tacú le cearta an duine. Is í Éire ceann amháin de na tíortha is flaitiúla ar domhan a bhronnann cúnadh, agus breathnaítear ar chlár Chúnadh Éireann mar eisemláir ó thaobh a éifeachtúlachta.

AN TÉAMA DO GHRADAIM CHÚNAMH ÉIREANN, ÁR NDOMHAN, 2015 'AG TABHAIRT CÚRAIM DON DOMHAN SEO AGAINNE'

Tá ceangal idir an téama seo i mbliana le gach ceann de na hocht MDG, ach tá baint ar leith aige le MDG 7: an inbhuanaitheacht timpeallachta a chinntiú. Le deich mbliana anuas, tá tíortha i mbéal forbartha agus tíortha forbartha tar éis comhoibriú le chéile chun deireadh a chur leis an ocras, an comhionannas inscne a chur chun cinn, oideachas bunscóile uilíoch a bhaint amach, cúrsaí sláinte a fheabhsú agus inbhuanaitheacht timpeallachta a chinntiú. Chuir Éire, trí Chúnadh Éireann, go mór leis an iarracht seo. Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le roinnt de na MDGanna, mar shampla:

- Tá laghdú i líon na ndaoine atá ag maireachtáil san fhóidhochtaineacht (ag maireachtáil ar níos lú ná \$1.25 gach lá) faoi 1.09 billiún ó 1990
- Tá laghdú i líon na ndaoine ganchothaithe faoi 209 milliún ó 1990
- Tá líon na bpáistí ar an rolla bunscóile ag 90% anois i réigiúin i mbéal forbartha
- le comhoibriú idirnáisiúnta tá beagnach deireadh curtha le substaintí a ídionn an t-ózon, agus tá méadú ag teacht ar na codanna de na ceantair talún agus na ceantair mara ar an gcósta atá faoi chosaint.

Cé go bhfuil dul chun cinn déanta, tá i bhfad níos mó oibre le déanamh. Sa domhan seo ina bhfuil 7 mbilliún duine:

- tá díreach os cionn 1 billiún ag maireachtáil san fhóidhochtaineacht go fóill, agus tá cuid mhór díobh seo atá san Afraic Fho-Shahárach agus i gcodanna den Áise.
- tá 58 milliún leanbh nach dtéann ar scoil go fóill, agus tá siadsan ina gcónaí i gceantair atá buailte le coimhlínt agus ina bhfuil baol ar leith, agus tá droch-chaighdeán ar an scoláiocht a chuirtear ar fáil i líon mór tíortha
- tá na hastuithe domhanda de dhé-ocsaíd charbóin fós ag ardú, táthar fós ag róshaothrú stoc muirí, tá foraoisí ag imeacht ar neamhnaí ar ráta neamh-inbhuanaithe, tá foinsí uisce in-athnuaite ag éirí níos gaine agus tá an éagsúlacht ainmhithe ag dul i léig.

(féach: <http://www.un.org/millenniumgoals/pdf/report-2013/mdg-report-2013-english.pdf>.)

Tugtar cuireadh do dhaltai a ghlacann páirt i nGradaim Chúnadh Éireann, Ár nDomhan, bheith ag smaoineamh faoi leanai a mhaireann i dtíortha i mbéal forbartha, agus tábhacht na n-ocht MDG mar bhealach le beatha leanai a fheabhsú agus iad a chumasú chun iad féin a tharraingt amach as an mbochtaineacht agus as an ocras. Iarrann na Gradaim ar na leanai in Éirinn todhchaí níos fearr a shamhlú agus ionchur a bheith acu sa todhchaí seo do leanai uile an domhain.

CAD IAD SPRIOCANNA FORBARTHA NA MÍLAOISE

Tá Cúnadh Éireann ag obair chun Spriocanna Forbartha na Mílaoise (MDGanna) de na Náisiúin Aontaithe a bhaint amach. Sa bhliain 2000, chuir ceannairí de 189 náisiún, Éire ina measc, a n-ainmneacha le comhaontú, chun tabhairt faoin sraith d'ocht sprioc a bhaint amach chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht domhanda agus feabhas a chur ar an gcaighdeán beatha do gach duine faoi 2015. Mar chuid de na MDGanna tá i gceist deireadh a chur leis an ocras, comhionannas inscne a chur chun cinn agus oideachas bunscóile uilíoch a bhaint amach.

Agus an spriocdháta ag druim linn, cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta i dtreo na MDGanna a bhaint amach, is ann don bhochtaineacht agus don ocras go fóill sa domhan seo againne, agus tá i bhfad níos mó fós le déanamh i ndiaidh fhráma ama na MDGanna. Mar gheall air seo tá rialtais ar fud an domhain ag comhoibriú le chéile faoi láthair chun sraith nua de spriocanna forbartha inbhuanaithe a chur le chéile.

AIDHM GHRADAIM CHÚNAMH ÉIREANN, ÁR NDOMHAN

Bhunaigh Cúnadh Éireann Gradaim Ár nDomhan in 2005 chun an tuiscint atá ag daltaí ar na MDGanna agus obair Chúnadh Éireann a mhéadú, agus chun cabhrú leo na naisc a fhiosrú idir a saol féin agus saol na leanaí atá i dtíortha atá i mbéal forbartha.

CÉ ATÁ IN ANN PÁIRT A GHLACADH ANN?

Is féidir tabhairt faoi na tionscadail i mbeirteanna, i ngrúpa, rang, nó mar scoil uile.

Poblacht na hÉireann:
Rang a 3, Rang a 4,
Rang a 5 agus
Rang a 6

Tuaisceart Éireann:
Bliain 5, Bliain 6
agus Bliain 7

Scoileanna
Riachtanas
Speisialta:
Daltaí idir 7 – 18
mbliana d'aois

CÉN TIONCHUR A D'FHÉADFADH A BHEITH AG NA GRADAIM I GCLEAGHTAS AN TSEOMRA RANGA?

Má ghlactar páirt ann cuirfeadh deiseanna foghlama ar fáil do dhaltai a bhaineann go díreach leis an gcuraclam bunscóile, lena n-áirítear mar seo a leanas:

Réimsí Curaclaim Poblacht na hÉireann:
Teanga
Oideachas Sóisialta, Pearsanta & Sláinte
Oideachas Ealaíon
Oideachas Sóisialta, Comhshaoil & Eolaíoch
Oideachas Reiligiúnach/Eiticiúil
(straitéisí Litearthachta & Uimhearthachta comhtháite)

Réimsí Foghlama Tuaisceart Éireann
Teanga & Litearthacht
Matamaitic & Uimhearthacht
Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint
Na hEalaíona
An Domhan Mórthimpeall Orainn
Oideachas Reiligiúnach

**SPRIOCDHÁTA
LE TIONSCADAIL
GRADAM ÁR
NDOMHAN A FHÁIL
13 MÁRTA 2015**



GRADAIM CHÚNAMH ÉIREANN, ÁR NDOMHAN, 2015

"Ag Tabhairt Cúraim don Domhan seo Againne"

www.ourworldirishaidawards.ie

TABHAIR AN DOMHAN LEAT ISTEACH I DO SCOIL LEIS NA 5 CHÉIM RANPHÁIRTÍOCHTA SEO ATÁ ÉASCA!

1

FIOSRAIGH!

Tá ábhair éagsúla mar seo a leanas don seomra ranga atá oiriúnach do théama na nGradam i mbliana ar shuíomh gréasáin na nGradam (www.ourworldirishaidawards.ie):

- smaointe don dea-chleachtas
- mionfheananna ceachta
- bileoga acmhainne do mhúinteoirí
- bileoga oibre do dhaltai

Beidh na hábhair seo mar chabhair duit agus do do dhaltai le machnamh a dhéanamh agus labhairt faoi na saincheistanna forbartha agus an téama

i mbliana a fhiosrú. Tá na hábhair ar fad atá curtha ar fáil ar an suíomh gréasáin deartha chun tacú leis na réimsí curaclaim/ réimsí foghlama, agus tá straitéisí Litearthachta agus Uimhearthachta comhtháite isteach ar fud na bpleananna ceachta.

Líon isteach an Fhoirm Iontrála de Ghradaim Chúnadh Éireann, Ár nDomhan (in éineacht leis an leabhrán seo) le do ghrúpa/rang. Bain úsáid as an gcuid 'Dialann Iontrálacha' chun na gníomhaíochtaí a dhéanann tú le do dhaltai a tháifeadh de réir mar a dhéanann siad fiosrú faoi na saincheistanna forbartha domhanda agus an dul chun cinn lena dtionscadal. Baintear úsáid as an 'Dialann Iontrálacha' mar chuid den phróiseas móltoireachta. Dá bhrí sin tá sé an-tábhachtach go ndéanann tú táifeadh den obair ar fad a dhéanann tú féin agus do dhaltai.

2

ROGHNAIGH ÁBHAR

Tá ceangal ag téama na bliana seo 'Ag Tabhairt Cúraim don Domhan seo Againne' le gach ceann de na hocht MDG, ach tá baint ar leith aige le MDG 7: inbhuanaitheacht timpeallachta a chinntiú. Roghnaigh ábhar faoin téama seo a mbeadh an spéis is mó ag do dhaltai ann. Mar shampla, sna tionscadail d'fhéadfaí díriú ar aon cheann díobh seo a leanas nó orthu uile:

- an tábhacht a bhaineann leis na hocht MDG mar bhealach le feabhas a chur ar shaol leanai i dtíortha i mbéal forbartha (le haghaidh liosta na dtíortha atá rangaithe go hoifigiúil mar thíortha i mbéal forbartha tabhair cuairt ar www.ourworldirishaidawards.ie)
- eispéiris na leanaí i dtír ar leith atá i mbéal forbartha nó i dtíortha atá i mbéal forbartha
- an tábhacht a bhaineann le cúram a thabhairt don timpeallacht (MDG 7) mar bhealach le dul i ngleic leis an ocras, an bhochtaineacht agus an neamhionannas i dtíortha i mbéal forbartha.

Cibé ábhar a roghnófar, tá sé tábhachtach a chinntiú go dtugtar faoin téama 'Ag Tabhairt Cúraim don Domhan seo Againne' sa tionscadal agus go gcuirtear béim ar leith ar chomhthéacs an domhain i mbéal forbartha.

3

BÍODH DAOINE EILE RANPHÁIRTEACH AGAT ANN!

A luaithe is atá an obair tionscadail déanta ag do ghrúpa/rang beidh sé in am do na daltaí an méid atá foghlamtha acu a chur in iúl don chuid eile den scoil agus/nó den phobal i gcoitinne. Mar shampla, d'fhéadfaid na daltaí na nithe seo a leanas a dhéanamh: labhairt leis na ranganna eile sa scoil faoin méid atá foghlamtha acu — pósteair nó dá gcuid oibre a reáchtáil — léiriú steamhnán a chur le chéile agus a deireadh a chur leis an mbochtaineacht sa domhan, e.g. táirgí trádála cheannach — scríobh chuig ionadaithe poiblí — litir nó ríomhphost a chur chuig an nuachtán áitiúil nó chuig nuachtlitr an phobail — seó raidió a tháifeadh — blag a scríobh faoin dul chun cinn atá déanta agat — úsáid a bhaint as leathanach Facebook do scoile.

TÁ FÁILTE ROIMH GACH SMAOINEAMH!

4

IONTRÁIL!

Déan deimhin de go líontar isteach an foirm iontrála, an chuid faoin 'Dialann Iontrálacha' ina measc. Seol isteach é, in éineacht leis an tionscadal, chuig:

Oifig Tionscadal Ghradaim Chúnadh Éireann, Real Nation. Cúirt Fumbally, Lána Fumbally, Baile Átha Cliath 8.

Nó is féidir leat an tionscadal a chur isteach ar ríomhphost chuig: ourworld@realnation.ie

Spriocdháta le hiontrálacha na nGradam a fháil: **13 Márta 2015**
Le haghaidh tuilleadh mionsonraí faoi iontrálacha na nGradam a chur isteach nó faoi na critéir móltoireachta tabhair cuairt ar www.ourworldirishaidawards.ie.



Le haghaidh tuilleadh smaointe tionscadal, eolais agus pleannanna ceachta tabhair cuairt ar:

www.ourworldirishaidawards.ie